

Imreofar tionchar dearfach ar fhás eacnamaíoch san Aontas Eorpach (AE) trí rannpháirtíocht na mban san fhórsa saothair a mhéadú agus tríd an mbearna phá idir fir agus mná a dhúnadh. Beag beann ar fheabhsuithe a rinneadh le déanaí, is ann do bhearnaí leanúnacha idir na hinscní i ngníomhaíocht sa mhargadh saothair¹ agus i bpá go fóill. Laghdaíonn na bearnaí sin rátaí fostaíochta i measc na mban agus tá seans ann go bhfuil siad ag cur srian le fás an AE freisin. Tá sé riachtanach na fadhbanna sin a shárú má táthar chun ceann amháin de na spriocanna atá leagtha amach sa straitéis Eoraip 2020 a chomhlíonadh, is é sin, ráta fostaíochta foriomlán 75 % ar a laghad a bhaint amach d'fhir agus do mhná faoin mbliain 2020.


I staidéar ón Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) ar na "tairbhí eacnamaíocha a bhaineann le comhionannas inscne", tugtar fianaise láidir ina léirítear na tionchair dhearfacha a thiofadh as neamhionannas inscne a laghdú sa mhargadh saothair.

Áirítear iad seo a leanas le bearta comhionannais inscne ar féidir leo bearnaí idir na hinscní a dhúnadh:

- cúram leanaí agus soláthar eile cúraim a chur ar fáil;
- athruithe a dhéanamh ar an bpá agus na coinníollacha atá ag gabháil le saoire thuismitheoireachta;
- tacú le socruithe oibre páirtaimseartha agus solúbtha agus iad a chur chun cinn;
- forálacha agus beartais dlí maidir le pá comhionann agus coinníollacha oibre;
- deireadh a chur le leithscaradh inscne in earnálacha agus gairmeacha difriúla;
- laghdú a dhéanamh ar an líon sosanna gairme a thógann mná;
- ardú céime a thabhairt do mhná chuig poist shinsearacha.

Chuirfí borradh faoi fhás eacnamaíoch trí dheireadh a chur le neamhionannas inscne i ngníomhaíocht sa mhargadh saothair agus i bpá

Fíor 1. An difear a dhéanfaidh dúnadh na bearna gníomhaíochta don fhostaíocht



¹ Is ionann an ráta gníomhaíochta sa mhargadh saothair agus céatadán na ndaoine atá gníomhach san fhórsa saothair (iad sin atá ag obair nó ar lorg oibre) i gcoibhneas leis an daonra iomlán inchomparáide.



Dá ndúnfaí an bhearna sa ráta gníomhaíochta, chuirfí go suntasach leis an leibhéal fostaíochta ag an am céanna. Tuairtar sa staidéar go mbeidh idir 3.5 milliún agus 6 mhilliún post breise ann sa bhliain 2050 mar thoradh ar thuilleadh ban a bheith tugtha isteach san fhórsa saothair. Toradh eile a bheadh ar an méadú ar an soláthar saothair is ea go gcumasófaí na hearnálacha a bhí faoi shrian ó thaobh saothair de roimhe sin (e.g. de bharr oibríthe oilte a bheith in easnamh) a n-aschur féideartha a mhéadú².


I gcomparáid leis an difear a dhéanadh dúnadh na bearna sa ráta gníomhaíochta, is réasúnta beag an difear a dhéanadh dúnadh na bearna pá d'fhostaíocht na mban. Ar thaobh amháin, thabharfadh an méadú ar rátaí pá spreagadh do thuilleadh ban dul isteach sa mhargadh saothair ar dtús agus thiocfadh méadú ar rátaí táirgiúlachta agus fostaíochta chun cinn dá

bharr sin. Ar an taobh eile, is dóigh, mar gheall ar na costais mhéadaithe saothair, go laghdódh gnólachtaí a n-éileamh ar shaothar agus go dtiocfadh laghdú ar an líon post a bheadh ar fáil dá bharr sin.

Cabhraíonn méadú ar thuarastal na mban leis an mbearna sa ráta gníomhaíochta a laghdú, áfach, agus d'fhéadfadh sé bheith freagrach as roinnt de na tionchair dhearfacha ar an bhfostaíocht a bhaineann le gníomhaíocht na mban sa mhargadh saothair a fheabhsú.

Nuair a laghdaítear an bhearna sa ráta gníomhaíochta a thagann na tionchair is airde ar olltáirgeacht intíre (OTI) per capita chun cinn. Meastar go méadóidh OTI per capita faoi 0.8-1.5 % faoin mbliain 2030 agus faoi 3.2-5.5 % faoin mbliain 2050 (is é sin, méadú EUR 280 billiún faoin mbliain 2030 agus méadú EUR 1 490 billiún faoin mbliain 2050).

Fíor 2. An difear a dhéanadh dúnadh na bearna gníomhaíochta do OTI per capita




Dá gcuirfí feabhas ar chomhionannas pá, thiocfadh méadú 0-0.2 % ar OTI per capita thar an tréimhse 2030-2050. Mar gheall ar na tionchair mhaicreacnamaíocha atá contrártha dó, is lú tionchar ar OTI a imríonn laghdú ar an mbearna phá idir na hinscní. Cé go ngabhann méadú ar fhíorioncam teaghlaigh agus ar chaiteachas le méadú ar phá na mban, gabhann costais mhéadaithe do ghnólachtaí leis freisin. San fhadtéarma, mhéadóidh gnólachtaí a bpraghsanna chun a gcorraigh bhrabúis a athghnóthú. Laghdódh sé sin fíorioncam teaghlaigh agus chuirfeadh sé brú anuas ar aschur agus ar OTI ón mbliain 2040 ar aghaidh.

Níor cheart díriú ar OTI amháin, áfach, toisc gur dóigh go gcaithfeadh sé sin scáil ar na dea-thionchair eile atá

ag baint leis an mbearna phá a dhúnadh. Mar shampla, is dóigh go dtiocfaidh laghdú ar rátaí bochtaineachta i measc na mban agus ar an mbearna idir na hinscní i bpinsin seanaoise mar thoradh ar mhéadú ar thuarastal na mban (EIGE, 2016). Chomh maith leis sin, is féidir le laghdú ar an mbearna phá cur le muinín na mban agus iad a chumasú tuilleadh freagrachta a ghlacadh san áit oibre agus dul ar aghaidh go poist cheannaireachta ansin (Booth, 2003). Tríd is tríd, tá sé riachtanach rannpháirtíocht mhéadaithe na mban sa mhargadh saothair a chothú agus comhionannas pá a áirithiú má táthar chun ráta fostaíochta foriomlán 75 % ar a laghad a bhaint amach d'fhir agus do mhná agus chun borradh a chur faoi fhás cuimsitheach, cliste agus inbhuanaithe.

² Is é atá i gceist le haschur féideartha, nó cumas táirgthe féideartha an gheilleagair, ná an t-aschur eacnamaíoch uasta a sholáthraítear nuair a bhaintear leas iomlán as na hacmhainní uile atá ar fáil.

Fíor 3. An difear a dhéanfadh dúnadh na bearna pá idir na hinscní doOTI



Is ísle rátaí gníomhaíochta, rátaí fostaíochta agus pá i measc na mban ná i measc na bhfear

Ba é 64.3 % ráta fostaíochta na mban ar fud an AE sa bhliain 2015. Ba é 75.9 % an figiúr comhfhreagrach d'fhir³.

Is dóigh go dtabharfaidh mná faoi níos mó oibre gan phá ná fir. Áirítear leis an obair sin aire a thabhairt do leanaí agus do ghaolta scothaosta. Is lú a rannpháirtíocht sa mhargadh saothair ná rannpháirtíocht na bhfear. Uaireanta, cuirtear iallach orthu próifíl gairme níos ísle a shaothrú freisin. Beag beann ar an méadú atá tagtha le déanaí ar rátaí gníomhaíochta na mban ar fud na hEorpa, tá an mheánbhearna idir na hinscní i rátaí gníomhaíochta cothrom le 15 % san AE go fóill. Is mó fós an bearna sin i dtíortha áirithe. Cruthaíonn an méid sin rátaí fostaíochta níos ísle i measc na mban.

Sa bhliain 2014, bhí tuilleamh comhlán na mban in aghaidh na huaire san AE 16.1 % níos ísle ar an meán ná tuilleamh na bhfear⁴.

Is measa fós neamhionannas inscne sa mhargadh saothair de bharr na bearna pá idir na hinscní. Beag beann ar athruithe teicneolaíoch⁵ agus ar reachtaíocht

a bhfuil sé mar aidhm léi pá comhionann a áirithiú d'fhir agus do mhná, is ann do bhearna pá idir na hinscní san 21ú haois go fóill. Tá éagsúlacht mhór ann ina leith sin ar fud na mBallstát freisin.

Is iad fostaíocht inscne agus bearnaí pá na torthaí ar chineálacha éagsúla neamhionannais a théann i bhfeidhm ar mhná le linn a saoil.


- i. **Leithscaradh inscne san oideachas agus sa mhargadh saothair:** is minic a dhéantar rónadaíocht do mhná i gcúrsaí céime, i gcláir oiliúna agus i ngairmeacha lena ngabhann tuarastal níos ísle ná iad sin ina bhfuil ceannas ag fir.
- ii. **Leithscaradh inscne,** idir leithscaradh cothrománach (earnálacha agus gairmeacha difriúla) agus leithscaradh ingearach (leibhéil dhifriúla freagrachta nó poist dhifriúla).
- iii. **Sosanna gairme** de bharr saoire mháithreachais.
- iv. **Roinnt mhíchothrom na hoibre teaghlaigh agus cúraim gan phá:** is dóigh go dtabharfaidh mná faoi níos mó oibre gan phá ná fir. Áirítear leis an

³ Dar le Eurostat, is ionann an ráta fostaíochta agus "céatadán an daonra in aois oibre atá i mban oibre". Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach: http://ec.europa.eu/eurostat/statisticsexplained/index.php/Employment_statistics

⁴ NB: Is iad na sonraí a úsáidtear anseo ná na sonraí is déanaí a bhí ar fáil ó Eurostat agus an foilseachán seo á ullmhú. Le haghaidh tuilleadh faisnéise agus sonraí nuashonraithe, féach: http://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php/Gender_pay_gap_statistics

⁵ Mar gheall ar dhul chun cinn teicneolaíoch san áit oibre, tá méadú tagtha ar luach na scileanna neamhláimhe i gcoibhneas le luach na scileanna láimhe, agus pá na mban á mhéadú dá bharr sin (Blackand Spitz-Oener, 2010).

Fíor 4. An bhearna phá gan choigeartú idir na hinscní, 2014 (an difríocht idir meántuilleamh comhlán na bhfear agus meántuilleamh comhlán na mban in aghaidh na huaire, mar chéatadán de thuilleamh comhlán na bhfear)



Foinse: Eurostat (tsdsc340).

obair sin aire a thabhairt do leanaí agus do ghaolta scothaosta. Téann sé sin i bhfeidhm ar na deiseanna

a bhíonn acu páirt a ghlacadh sa mhargadh saothair agus cuireann sé srian lena ndul chun cinn gairme.

Tá costas mór ag baint le bearnaí idir na hinscní san fhostaíocht agus i bpá

Ba é EUR 370 billiún an costas iomlán a bhí ag baint le ráta fostaíochta níos ísle na mban ar fud an AE sa bhliain 2013. Bhí sé sin cothrom le 2.8 % do OTI an AE.

Déantar an costas atá ag baint le ráta fostaíochta níos ísle na mban a ríomh trí aird a thabhairt ar na nithe seo a leanas: tuilleamh caillte na mban, ranníocaíochtaí leasa caillte na mban agus costais airgeadais phoiblí amhail aistrithe leasa duine aonair agus sochair shóisialta. Ag brath ar leibhéal oideachais na mná lena mbaineann, meastar gur fiú idir EUR 1.2 milliún agus EUR 2 mhilliún é an costas atá ag baint lena heisiamh ón margadh saothair le linn a saoil oibre (Eurofound, 2016).

Cé gur beag fianaise atá ann ar an tionchar eacnamaíoch díreach a imríonn an bhearna pá idir na hinscní ina leith sin, léirítear i staidéir go ndéanann pá míchothrom na mban dochar do mhná agus don tsochaí ar fad araon. Tá ceangal láidir ann idir an bhearna pá agus an bhochtaineacht leanaí, easnaimh scileanna agus costas don gheilleagar mar gheall ar thearcúsáid scileanna na mban.

Déanann neamhionannas inscne sa mhargadh saothair difear díobhálach d'ioncam na mban, lena n-áirítear tuilleamh agus pinsin ghairme. D'fhéadfadh sé sin bonn a bhaint go córasach ó neamhspleáchas eacnamaíoch na mban agus méadú a dhéanamh ar an mbaol go mbuailfidh an bhochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta iad (EIGE, 2016).

Tagairtí

Black, S. E. agus Spitz-Oener, A. (2010), "Explaining women's success: technological change and the skill content of women's work", *The Review of Economics and Statistics*, lml. 92, Uimh. 1, lgh. 187-194.

Booth A., Burton, J. agus Mumford, K. (2003), "The position of women in UK academic economics", *The Economic Journal*, lml. 110, lgh. 312-333.

An Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú (Eurofound) (2016), *An bhearna fostaíochta idir na hinscíní: dúshlán agus réitigh*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg. Ar fáil ag: <https://www.eurofound.europa.eu/publications/report/2016/labour-market/the-gender-employment-gap-challenges-and-solutions>

An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) (2016), *Poverty, Gender and Intersecting Inequalities — Review of the implementation of an area A: Women and poverty of the Beijing Platform for Action*, Oifig Foilseachán Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg. Ar fáil ag: http://eige.europa.eu/sites/default/files/documents/ti_pubpdf_mh0416244enn_pdfweb_20161208181320.pdf

Maidir leis an staidéar

Rud uathúil i gcomhthéacs an AE is ea an staidéar ar na tairbhí eacnamaíocha a bhaineann le comhionannas inscne. Tá sé ar an gcéad cheann dá chineál riamh inar úsáideadh samhail eacnaiméadrach láidir chun raon leathan tairbhí maicreacnamaíocha a bhaineann le comhionannas inscne a réamh-mheas i roinnt mór-réimsí amhail an t-oideachas, gníomhaíocht sa mhargadh saothair agus pá.

Léirítear i dtorthaí foriomlána an staidéir go dtiocfadh na nithe seo a leanas as comhionannas inscne méadaithe:

- idir 6.3 milliún agus 10.5 milliún post breise sa bhliain 2050, agus thart ar 70 % díobh sin líonta ag mná;
- dea-thionchair ar OTI, ar tionchair iad a mhéadódh le himeacht ama;
- méadú ar olltáirgeacht intíre per capita, ar méadú é a bheadh cothrom le beagnach 10 % sa bhliain 2050.

Baineadh leas sa staidéar as an tsamhail mhaicreacnamaíoch E3ME chun na tionchair eacnamaíocha a bheadh ag feabhsuithe ar chomhionannas inscne a réamh-mheas. Tá E3ME ina shamhail mhaicreacnamaíoch eimpíreach atá curtha in oiriúint go sonrach do thorthaí a shamhaltú ar leibhéal an AE agus ar leibhéal na mBallstát araon.

Áirítear na naoi bhfoilseachán seo a leanas le haschur an staidéir ar na tairbhí eacnamaíocha a bhaineann le comhionannas inscne san AE:

1. *Literature review: existing evidence on the social and economic benefits of gender equality and methodological approaches* (Athbhreithniú litríochta: fianaise reatha ar na tairbhí sóisialta agus eacnamaíocha a bhaineann le comhionannas inscne agus cineálacha modheolaíoch cur chuige ina leith).
2. *EU and EU Member State overviews* (Forbhreathnú ar an AE agus ar Bhallstáit an AE).
3. *Report on the empirical application of the model* (Tuarascáil ar chur i bhfeidhm eimpíreach na samhla).
4. *How the evidence was produced: briefing paper on the theoretical framework and model* (Conas a bailíodh an fhianaise: bileog eolais ar an gcreat teoiriciúil agus ar an tsamhail).
5. *Conas a bailíodh an fhianaise: bileog eolais ar an gcreat teoiriciúil agus ar an tsamhail.*
6. *Tionchair eacnamaíocha an chomhionannais inscne i gcomhthéacs beartais an AE: páipéar faisnéise.*
7. *Tionchair eacnamaíocha an chomhionannais inscne: páipéar faisnéise.*
8. *Conas a thagann fás eacnamaíoch as comhionannas inscne in oideachas STEM: páipéar faisnéise.*
9. **Conas a thagann fás eacnamaíoch as an mbearna idir na hinscní i ngníomhaíocht sa mhargadh saothair agus i bpá a dhúnadh: páipéar faisnéise.**

Is féidir gach foilseachán, torthaí mionsonraithe an staidéir agus an mhodheolaíocht a fháil ar shuíomh gréasáin EIGE.

Is é an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) lárionad eolais an Aontais Eorpaigh um chomhionannas inscne. Cuireann EIGE tacaíocht ar fáil don lucht déanta beartas agus gach institiúid ábhartha agus iad ag iarraidh an comhionannas idir fir agus mná a chur i bhfeidhm i saol na nEorpach ach saineolas sonrach agus sonraí inchomparáide iontaoifa a chur ar fáil dóibh maidir le comhionannas inscne san Eoraip.



Oifig na bhFoilseachán

Tuilleadh faisnéise:

An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne, EIGE

Gedimino pr. 16

LT-01103 Vilnius

LIETUVA/LITHUANIA

+370 52157444

Ríomhphost: eige.sec@eige.europa.eu

<http://eige.europa.eu>

<http://www.twitter.com/eurogender>

<http://www.facebook.com/eige.europa.eu>

<http://www.youtube.com/eurogender>

<http://eurogender.eige.europa.eu/>



ISBN 978-92-9470-121-3
doi:10.2839/972608